SCOIL FHURSA

POLASAÍ FRITHBHUALÍOCHT

Clár

Clár 2

Scoil Fhursa Polasaí Frithbhulaíochta 3

Aguisín 7

De réir an 'Cláir Cúraim' ag tosú Samhain 2021 .....

An Clár Cúraim 8

An Clár Cúraim .....

Ionduchtú agus ag cur tús leis an gclár cúraim 9

Cártaí Creidiúintí Cairdis agus Cúraim 10

Geallúint Cúraim 11

Suirbhé eolais don rang gach téarma 12

Suirbhé ranga 13

Teastas Cúraim 14

Córas Cúraim 15

Córas Cúraim 16

Foirm Tuairiscú 17

Liosta Iompar Bulaíochta 19

Bileog ag Plé Cúraim 20

Scoil Fhursa

Polasaí Frithbhulaíochta

Samhain 2021

1. I gcomhréir le riachtanais an tAcht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Scoil Fhursa mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta na tromchúisí a bhaineann le hiompar bulaíochta agus an tionchar a bheadh aici ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta a chosc.

   - Cultúr dearfach a bheith i bhfeidhim sa scoil:
     - ina nglactar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
     - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
     - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ina measc phobal na scoile;
   - Ceannaireacht éifeachtach;
   - Cur chuige uile scoile;
   - Tuiscint faoi céard go díreach is bulaíocht ann agus faoin tionchar atá aige ar dhuine.
   - Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (go mbeadh a fhios ag na páistí bealaí chun é a chur i bhfeidhim)
     - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
     - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
   - Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
   - Tacaíochtaí don fhoireann;
   - Teagmhais bulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí comhsheasmhach agus gach cás a scrúdú.

3. I gcomhréir le Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

   - An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar labhartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; (N.B) Ní choireamhann eachtra aonaranach amháin nó iompar diúltach amháin nó teachtaireacht téasc príomháideach a ghortaíonn an duine:Ní sheasann siad seo faoin sainmhíniú ar iompar bhulaíochta. Ach in a dhiadh sin má cuirtear íomhá nó ráiteas ar fhoram poiblí nó in áit pioblí agus gur féidir le daoine eile é a fheiceáil/roinnt nó aithris air, ghlactar gur bulaíocht é seo fiú más uair amháin atá i gceist.
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir cód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*

4. Beidh gach múinteoir freagrach as bulaíocht a imscrúdu agus deileál leis. D'fhéadfadh sé tárlú go mbeadh ar na múinteoirí tacaíochta foghlama/achmhainne obair a dhéanamh le páistí áirithe chun tuiscint ar an mbulaíocht a thabhairt agus comhbhá a mhúscailt.

5. Seo a leanas na stráitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (Féach Roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*)

   Glacann pobail Scoil Fhursa le polasaí 'Gan fearg, gan millean' i gcomhthéacs na bulaíochta. Cabhraíonn muid le páistí na scoile chun glacadh le freagracht agus úinéireacht dá n-iompar féin. Moltar féinmheasúnú frithbhulaíochta agus suirbhéanna rialta a dhéanamh. Tá sé tábhachtach dúinn go mbeadh na páistí eolach ar na buntáistí a bhaineann le h-iompar dearfach i bpobal na scoile agus an pobal áitiúil. Tuigeann muid gur féidir linn dul i ngléic le bulaíocht má tá muid eolach ar na hiompar a bhaineann léi. Tá ár Stráitéis Curam bunaithe ar phroiséis céimnithe chun go mbeidh múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí in ann fáisnéisiú ar iompar bhulaíochta a láimhseáil. Tá an Straitéis Cúram bunaithe ar mhodúil áirithe a mhúineadh sa chlár OSPS go rialta chun feasacht a spreagadh ar iompar bhulaíochta a chosc. Leagaimíd béim go mór mhór ar chumhachtú agus cumas teacht aniar a chothú i measc na bpáistí/pobal na scoile.

Treorlínte do na múinteoirí: Leanann said Clár Cúraim a dhíríonn ar bhulaíocht a sheachaint de réir an curaclam OSPS.

Meán Fómhair:

Déan dul siar ar "Liosta Céard is Iompar Bulaíochta ann?" leis an rang. (R1 ar aghaidh)
Dáil amach na Cártaí Cúraim agus iarr ar na páistí iad a shíniú. Coinníonn an múinteoir na cártaí sa seomra ranga.
Iarr ar na páistí an gealltanas a shíniú.
Ag an tráth seo labharann an Príomhoide faoin gcoras frithbhulaíochta leis an scoil iomlán.

Gach mí:

Úsáid a bhaint as an seicliosta "Céard is iompar bulaíochta ann?" ar a laghad uair gach mí mar áis teagaisc agus le cur i gcuimhne do na páistí an iompar atá muid ag súil leis. Cláraigh an obair i do Chuntas Míosúil.

Lár gach téarma:

Dul siar a dhéanamh ar an "Liosta Céard is Iompar Bulaíochta ann?" leis an rang.
Iarr ar na páistí an tsuirbhé bulaíochta a líonadh isteach.
Má luaitear aon fhadhb maidir le páiste sa rang lean ar aghaidh leis an bpróiséas atá leagtha amach sa pholasaí seo. Muna luaitear aon fhadhb ní gá dul níos faide.

6. Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltái ar déanadh bulaíocht orthú (Féach Roinn 6.8 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile).

   Tugann an scoil aird speisialta ar ghníomhaíochtaí a chothaíonn féin mheas agus scileanna shóisialta a dhéanamh leis an bpáiste, agus a dhéanamh leis an rang.

   Múintear "Nodanna má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á dhéanamh ort".

7 Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí
Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

8 Ag cosc Ciapadh
Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go practiciúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

9 Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an 23ú Samhain 2021.

10 Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile; foilsíodh é ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé ar fáil trí ríomhphost do thuismitheoirí a iarann é agus do Choiste na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

11 Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas frithbhualaíocht uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh idirlín na scoile; cuirfear ar fáil é ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas agus do Choiste na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Síniú: Seán Ó Mearnáin

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Síniú: Bríd Ní Mearnáin

(Príomhoide)

Dáta: 23/11/2021

Dáta: 23/11/2021

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: 23ú Samhain 2022

Aguisín

Bealaí le iniúchadh agus déileáil le bulaíocht
(De réir an 'Cláir Cúraim' ag tosnú Samhain 2021)

1. Ag tús téarma a haon, cuirtear an Cláir Cúraim in iúl do na páistí. Labharann an Príomhoide leis na páistí ag tionól maidir le cúram agus aire dá chéile.

2. Síníonn chuile pháiste an Gealltanas Cúraim agus faigheann siad a gCártaí Cúraim.

3. Déantar ceachtanna frithbhulaíochta go miosúil i ngach rang. Plétear na téamaí ar fad a bhaineann le h-iompar bhulaíochta.

4. Déantar cúinne chúraim i ngach rang a thaispeánann fógraí frith-bhulaíochta agus íomhanna dearfacha. Athraítear iad go rialta ag baint le téama na míosa.

5. Tugtar suirbhé ranga do na páistí uair sa téarma chun tomhais a dhéanamh ar atmaisfear shoisialta an ranga.

6. Má thagann aon rud aníos ón suirbhé, is féidir déileál leis tríd an 'Córas Chúraim Trí Chéim.' (Féach lch. 16)

7. Ag deireadh gach scoilbhliain, bronnfar Teastas Chúraim ar gach uile pháiste de bharr an iompar chineálta a léiríodh le linn na bliana.

8. Spreagann Scoil Fhursa deá-iompar bunaithe ar ionbhá agus tacaíocht agus cuirtear chun cinn cultúr cúraim i bpobail na scoile. Díríonn muid ar na buntáistí a bhaineann leis an iompar seo go rialta. Feictear dúinn go dtugann 'nochtadh eolais' seans dúinn fás and athruithe dearfacha a dhéanamh don todhchaí.

9. Déantar athfhéachaint ar an bpolaisí le pobail na scoile gach bhlian agus measúnú ar léibhéal na bulaíochta sa scoil agus maitheas na stráitéisí chúraim.

Dáta Athbhreithnithe 23ú Samhain 2022

An Clár Cúraim

Is scéim é le hionbhá, cúram agus tuiscint na bpáistí a chur chun cinn, ag laghdú iompar bulaíochta iontu féin agus i ngrúpaí shoisialta.

Ionduchtú:
Ag tús tearma a haon caithfear gach pháiste a ionduchtú sa Clár Cúraim sa rang.

Moltar go ndeantar traenáil ar na páistí go léir sa scoil ag an am céanna.

Bealach maith le tús a chur leis an bpróiséis ná ceacht frithbhulaíochta a dhéanamh leis an rang agus ansin míniú a thabhairt ar na cartaí cúraim. Tar éis é sin, síníonn na páistí Gealltanas Frithbhulaíochta.

Lá Cúraim
Lainseáltar an Clár Cúraim ar an lá Cúraim ar dháta áirithe sa scoil bhlian. Ar an lá seo bronnfar na cartaí Cúraim ar na páistí.

Cúinne Cúraim
Déantar cúinne Cúraim i ngach rang a thaispeánann fógraí frithbhulaíochta agus íomhánna dearfacha. Athraítear iad go rialta ag baint le téama na míosa.

Modúil Cúraim
Tugtar modúil Cúraim, go míosúil do na ranganna ar fad le linn an tréimhse céanna.
Clúdaíonn na téamaí gach cineál bulaíochta, sláinte intinne, láidreachtrú agus athléimneacht. Beidh téamaí cairdeais clúdaithe freisin agus aon ábhar eile a bhaineann le Cúraim.

Súirbhé Frithbhualaíochta
Tugtar Suirbhé ranga do na páistí uair sa téarma chun tomhais a dhéanamh ar atmaisfear shóisialta an ranga. Tugtar cabhar do na páistí taithí a fháil ar iompar bulaíochta a thuairisciú.

Teastas Cúraim
Ag deireadh gach scoilbhliain, bronnfar Teastas Cúraim ar gach uile pháiste de bhar an iompar chineálta a léirigh said le linn na bliana.

Ionduchtú agus ag cur tús leis an gclár cúraim

Scoil Fhursa **Is le_____ an cárta creidiúintí cairdis agus cúraim seo.** **Dáta:_____**	**Scoil Fhursa** **Is le_____ an cárta creidiúintí cairdis agus cúraim seo.** **Dáta:_____**
Scoil Fhursa **Is le_____ an cárta creidiúintí cairdis agus cúraim seo.** **Dáta:_____**	**Scoil Fhursa** **Is le_____ an cárta creidiúintí cairdis agus cúraim seo.** **Dáta:_____**
Scoil Fhursa **Is le_____ an cárta creidiúintí cairdis agus cúraim seo.** **Dáta:_____**	**Scoil Fhursa** **Is le_____ an cárta creidiúintí cairdis agus cúraim seo.** **Dáta:_____**
Scoil Fhursa **Is le_____ an cárta creidiúintí cairdis agus cúraim seo.** **Dáta:_____**	**Scoil Fhursa** **Is le_____ an cárta creidiúintí cairdis agus cúraim seo.** **Dáta:_____**

Geallúint Cúraim

Ainm an Pháiste: _____ Rang: _____

Ainm an Mhúinteora: _____ Dáta: _____

Tá an traenáil faighte agam agus tuigim céard is bulaíocht ann, an damáiste a dhéanann sí agus an chaoi a ghortaíonn sí daoine. Tuigim nuair a dhéantar droch iompar in aghaidh duine go leanúnach, is bulaíocht atá i gceist.

D'aontaigh na daltaí, na múinteoirí, na tuismitheoirí agus comhghleacaí eile go bhfuilimid ag iarraidh go mbeadh an scoil mar áit sabháilte, slántiúil agus sona; áit ina gcaithfear go cothrom le gach duine.

Tá a fhios agam go gcaithfidh mé cúram a thaispeáint do gach duine i bpobal na scoile.

Má fheicim aon duine nach bhfuil ag caitheamh go cineálta le dalta eile nó b'fhéidir ag déanamh bulaíocht ar dhalta eile, ní dhéanfaidh mé neamhaird de.

Déarfaidh mé le duine fásta é ionas nach mbeidh an páiste sin ag fulaingt agus go stopfaidh an bulaíocht.

Gheall mé nach ndéanfaidh mé bulaíocht ar dhuine eile sa scoil agus tuigim, má dhéanaim, go bhfeicfidh agus go n-aithneofaidh daoine eile an iompar sin agus go gcuirfidh siad duine fásta ar an eolas faoi.

Nuair a tharlaíonn seo, beidh fiosrúchán ar an scéal, líonfaidh mé an fhoirm 'plé cúraim' agus caillfidh mé creidmheas.

Foirm Geallúint uimhir a _____

Siniú an dalta: _____

Dáta: _____

Síniú an Tuismitheora:_____

Suirbhé eolais don rang:

Gach-Téarma

Suirbhé Ranga

Mhínigh muid inniu céard is bulaíocht ann. Tá sé tábhachtach go gcuimhníonn muid go bhfuil sé leantach. Ma tá sé ag tarlú duitse no do dhuine éigin eile, nó más tusa atá á dhéanamh, labhair le duine éigin faoi.

Buachaill ☐ Cailín ☐ Aois ____ Rang ____

1. Ar bhuail, chiceáil nó bhrú aon duine tú go leantach i mbliana?
   Bhuail ☐ Níor bhuail ☐

2. Ar ghlaoigh aon duine ainm maslach ort go leantach i mbliana?
   Ghlaoigh ☐ Níor ghlaoigh ☐

3. An raibh aon duine ag spiocadh asat i mbliana go leantach?
   Bhí ☐ Ní raibh ☐

4. Ar fágadh amach as grúpaí nó cluichí thú i mbliana go leantach?
   Fágadh ☐ Níor fágadh ☐

5. An raibh aon duine ag bagairt ort i mbliana go leantach?
   Bhí ☐ Ní raibh ☐

6. Ar mhothaigh tú go ndéantar bulaíocht ort i mbliana?
   Mhothaigh ☐ Níor mhothaigh ☐

7. Más 'Is ea', ar inis tú go aon duine? ☐ d'inis ☐ níor inis
   Munar inis ar mhaith leat scríobh cén fáth nár inis tú agus céard a tharla?

8. An bhfaca tú eachtra bulaíochta i mbliana ar scoil?
   Chonaic ☐ Ní fhaca ☐

9. An ndearna tú bulaíocht ar aon duine?
   Rinne ☐ Ní dhearna ☐

Nótaí tráchta / míshuaimhneach / Imní:

Teastas Cúraim

Seo le rá gur oibrigh_____

Rang a: _____

Go dian i mbliana, ag tabhairt **cúraim** do dhaoine eile.

Scoil Fhursa, Nile Lodge, Gaillimh H91 P8X5

Siniú an Mhúinteora:_____

Stampa na Scoile:_____

Córas Cúraim

Córas Cúraim

Is córas 'gan fearg gan mileán' é seo fachun deileáil le tuairisciú iompar bulaíochta. Oibríonn an múinteoir leis an rang chun dul i ngleic le fadhbanna bulaíochta agus chun cabhrú le páistí tuiscint a fháil ar an ról atá acu in aon fadhbhanna bulaíochta. Tá trí céim sa phróiséas cúraim atá againn. Tosaítear an próiséas nuair a chuirtear in iúl dúinn ó dhuine de phobal na scoile go bhfuil bulaíocht ag tarlú. Ag tús an phróiséis faigheann na páistí uilig cárta cúraim le 3 creidmheasa air. Síníonn na páistí geallúint cúraim. Caithfidh chuile pháiste a gcuid creidmheasa a choinnéail agus iad ag leanacht ar aghaidh le hiompair cairdiúil sa scoil. Nuair a chuirtear in iúl dúinn go bhfuil bulaíocht ag tarlú tosaíonn muid ar na céimeanna seo a leanas:

1. Foirm Tuairiscú Frithbhulaíochta.
   Má thugtar le fios go bhfuil aon pháiste nó grúpaí de pháistí ag glacadh páirt i mbulaíocht líonfaidh an duine atá ag tabhairt an t-eolais isteach an fhoirm tuairisce frithbhulaíochta. Ní mór dóibh an méid sonraí agus is féidir a chur ar an bhfoirm idir dátaí, amanna agus áiteanna, ainmneacha agus ainmneacha daoine a bhí páirteach sa bhulaíocht.

2. Ceacht ar fhéinfhios agus an Suirbhé Eolas don rang.
   Ag brath ar an bhfoirm tuairisce déanfaidh an Múinteoir suirbhé ar an rang. Déanfaidh an Múinteoir athdhéanamh ar an Liosta Iompar Bulaíochta leis na páistí le meabhrú dóibh céard is iompar bulaíochta ann agus na bealaí éagsula a dhéantar bulaíocht.

   Iarrtar ar chuile pháiste an Suirbhé Frithbhulaiochta Ranga a lionadh. Tá na páistí i Scoil Fhursa ar fad oilte maidir le hiompar bulaíochta, an ról atá ag an lucht féachana, agus conas an suirbhé a dhéanamh.

3. Líontar an Foirm Plé Cúraim
   Iarrfar ar na daltaí atá ainmnithe a bhí páirteach san iompar bulaíochta Foirm Ag Plé Cúraim a líonadh. Cuirfidh sé seo ar chumas an dalta / daltaí a aithint cén chaoi a ndearna sé/sí/siad bulaíocht. Cuirfidh sé ar a chumas freisin cén chaoi ar chuir sé isteach ar an íobartach, agus **comhbhá** a thaispeáint don íobartach. Cailleann an dalta/daltaí creidmheas amháin. Cuirfear ina luí ar an dalta/daltaí, gur féidir leis/léi/leo an creidmheas a shaothrú ar ais tré bheith chomh h-aireach agus is féidir lena gcomhleacaithe.

Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas ag an tráth seo.

Foirm Tuairiscú

Tuairisc ó: ☐ Tuismitheoir ☐ Dalta ☐ Ball den fhoireann ☐ Eile	Dáta: Ainm: Seoladh & uimhir teagmhála:

Sonraí den iompar bulaíochta

Ainm an íospartach: _____Rang_____

Dáta: _____

Am: _____

Daoine a cheaptar a raibh iompar bulaíochta ar siúl acu: _____Rang_____

_____Rang_____

_____Rang_____

Daoine a thug tacaíocht: _____Rang_____

Sonraí den iompar bhulaíocht:
(Cuir dátaí san áireamh más féidir)

Siniú an dalta: _____ Dáta: _____

Siniú an tuismitheoirí/caomhnóir: _____ Dáta: _____

Siniú an mhúinteora:_____ Dáta: _____

Scoil Fhursa – Liosta Iompar Bulaíochta

Is éard atá i gceist le bulaíocht ná duine / daoine ag cur isteach go leanúnach ar dhuine eile ar na bealaí seo:

Bulaíocht ó bhéal
Glaoch ainmneacha maslacha; ag spochadh faoina gcuid éadaí, a gcuid rudaí, a gclann, a gcuma. Ag rá droch rudaí faoi chreideamh, teanga, dath dhuine nó an áit óna dtagann siad.

Cibearbhulaíocht nó Bulaíocht Scríofa
Ag scríobh nótaí nó graffiti; ag seoladh téacsanna gránna; ag úsáid an ríomhaire le rudaí gránna a scríobh faoi dhuine ionas go bhfeicfidh daoine eile iad.

Bulaíocht Sóisialta
Ag fágail duine amach ó ghníomhaíochtaí grúpa. Ag cur thart nótaí nó pictiúir faoi dhuine. Grúpaí ag gáire nó ag sciotaíl faoi dhuine. Ag rá rudaí gránna ionas go gcloisfidh duine iad. Ag stánadh. Ag cur bac le cáirde nua a dhéanamh.

Bulaíocht Imeaglú
Ag baint úsáide as guth agus geaitsíocht bagartha chun cur isteach ar dhuine eile.
Drochiompar Fisiciúil
Duine a bhrú, dorn nó cic a thabhairt, tuisle a bhaint as duine nó ionsaithe níos tromchúisí a dhéanamh. Rudaí a chaitheamh. Damáiste a dhéanamh do threalamh nó d'áit oibre dhuine – rothair, éadaí, leabhair, málaí agus srl a bheith briste, stróicthe, millte nó curtha i bhfolach.

Déan cinnte go gcuirtear tuismitheoir ar an eolas ag an tráth seo.

Bileog ag Plé Cúraim

Duine Fásta: Dalta: Dáta:

Mar gheall ar an suirbhé bulaíochta tá a fhios againn go mb'féidir go raibh tusa páirteach in iompar bulaíochta i gcoinne páiste eile nó grúpa páistí

An bhfuil fhos agat an té go bhfuil bulaíochta a dhéanamh air / uirthi?

☐ Tá ☐ Níl ☐ Níl aon tuairim agam

Dá mbeadh bulaíocht á dhéanamh ortsa bheadh muidne ag iarraidh fháil amach ó dhaoine eile céard go díreach a tharla duitse, agus bheadh muid ag caint le haon duine a bheadh ag caitheamh go dona leat. An dtuigeann tú é seo.

☐ Tuigim ☐ Ní Thuigim ☐ Níl tuairim agam

An dtuigeann tú gur cheap scolairí eile go raibh tú ag déanamh bulaíochta ar an duine seo?

☐ Tuigim ☐ Ní Thuigim

An dtuigeann tú gur inis siad duinn é mar gur gheall muid aire a thabhairt do gach duine sa phobal scoile agus é a insint da bhfeicfeadh muid aon iompar gur cheap muid gur bulaíocht a bhí ann?

☐ Tuigim ☐ Ní Thuigim

Conas go raibh tusa ag caitheamh leis an bpáiste seo gur cheap páistí eile go raibh iompar bulaíocht ar siúl agat?

Táimid ag iarraidh cabhar a thabhairt duit labhairt faoi. Más cuimhin leat nuair a bhí muid ag foghlaim faoi bhulaíocht fuair muid amach go mbíonn daoine a bhíonn ag bulaíocht go hiondúil mí shásta faoi rudaí.

An bhfuil a fhios agat cén fáth go raibh tú ag caitheamh leis an scoláire mar seo?

An ndearna aon duine bulaíocht ar dhuine go bhfuil aithne agat air? (Má rinne an freagra) Cé'n chaoi ar mhothaigh sé seo.

Dá mbeadh bulaíocht a dhéanamh ar dhuine go bhfuil aithne agat air cosúil leis an dalta seo conas a naireofá?

An cuimhin leat ón méid a d'fhoghlaim muid conas a mhothaíonn daoine nuair atá bulaíocht á dhéanamh orthú?

Tá tusa tar éis do gheallúint cúraim a bhriseadh a rinne tú nuair a thosaigh muid an clár cúraim. Bhris tú rialacha na scoile agus ghortaigh tú duine le do chuid iompar leo. An dtuigeann tú cé chomh dáiríre atá sé seo?

An dtuigeann tú go bhfuil cárta creidiúintí cairdis agus cúram cailte agat?

☐ Tuigim ☐ Ní Thuigim

An bhfuil tú reidh le gealladh arís gan bulaíocht a dhéanamh ar an scolaire in ár scoil arís?

☐ Tá ☐ Níl

Cén chaoi?

Déanfaidh muid liosta stratéisí gur féidir linn a chuir i bhfeidhim chun dul i ngleic leis an iompar seo.

Dáta ar cailleadh an cárta creidiúint:	Stampa Scoile:
Dáta a fuair an dalta an cárta creidiúnt arais:	
Siniú Tuistí:	
Dáta:	